# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/79 ÓN gCOIMISIÚN

**an 19 Eanáir 2022**

**lena leagtar síos rialacha le haghaidh chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le taifeadadh, tarchur agus cur i láthair sonraí cur chun feidhme ar leibhéal na hoibríochta**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 ([1]), go háirithe Airteagal 46(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 46(3) de Rialachán (AE) 2021/1139 ("Rialachán CEMID"), bunaítear creat le haghaidh bainistíocht roinnte trína cheangal ar údaráis bhainistíochta na mBallstát sonraí cur chun feidhme ábhartha ar leibhéal na hoibríochta a sholáthar don Choimisiún. Ar na sonraí ba cheart a chuimsiú sna sonraí sin tá príomh-shaintréithe gach tairbhí agus gach oibríochta lena dtacaíonn an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe faoi bhainistíocht roinnte. Comhlíontar leis an gceanglas sin an ceanglas a bhunaítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) i dtaca le tarchur na sonraí carnacha le haghaidh gach cláir.

(2) Chun comhsheasmhacht agus iomláine na sonraí a áirithiú, i gcás na n-údarás bainistíochta agus an Choimisiúin araon, is gá formáid choiteann a chur ar fáil maille le sonraíochtaí teicniúla agus rialacha coiteanna i dtaca le cur i láthair na sonraí sin.

(3) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart iad a theacht i bhfeidhm go pras, chun éascaíocht a dhéanamh do thaifeadadh comhsheasmhach na sonraí ó thús chur chun feidhme an chláir ar aghaidh.

(4) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir le tuairim an Choiste um an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

## Ábhar

Leagtar amach leis an Rialachán seo rialacha maidir le taifeadadh, tarchur agus cur i láthair na sonraí cur chun feidhme ar leibhéal na hoibríochta dá dtagraítear in Airteagal 46(3) de Rialachán (AE) 2021/1139 ("sonraí cur chun feidhme").

*Airteagal 2*

## Sonraí cur chun feidhme a thaifeadadh agus a tharchur

Déanfaidh na hÚdaráis Bhainistíochta taifeadadh ar na sonraí cur chun feidhme, agus déanfaidh siad na sonraí sin a sholáthar don Choimisiún, i gcás gach oibríocht lena dtacaítear faoi bhainistíocht roinnte i gcomhréir leis an bhformáid a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

([1]) IO L 247, 13.7.2021, lch. 1

([2]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

*Airteagal 3*

**Sonraí a chur i láthair**

Déanfaidh na hÚdaráis Bhainistíochta na sonraí cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 2 a chur i láthair i gcomhréir leis na sonraíochtaí dá bhforáiltear sna táblaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Eanáir 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**AN FHORMÁID CHUN NA SONRAÍ A THARCHUR**

*Tábla 1*

**Tuairisc maidir leis an oibríocht**

| Réim-se | Ábhar an réimse | Cineál Réimse | Fad an réimse | Formáid na stórála | Barúil | Nasc le hIarscríbhinn VII de Rialachán na bhForálacha Coiteanna |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 01 | CCI | téacs | 15 | | Cód coiteann aitheantais an chláir.<br>Ní bhaineann le hábhar i gcás bainistiú díreach ná bainistiú indíreach | |
| 02 | Aitheantóir Uathúil na hOibríochta | téacs | 255 | | Ag teastáil i gcás gach oibríocht lena dtacaíonn CEMID. | Tábla 1, réimse 13. Tábla 4, réimse 6.<br>Tábla 5, réimsí 11, 12. |
| 03 | Tuairisc ar an oibríocht | téacs | 255 | | Ag teastáil i gcás gach oibríocht lena dtacaíonn CEMID. | |
| 04 | Uimhir choiteann cláir cabhlaigh (CFR) | téacs fada | 63 999 | | I gcás inarb ábhartha.<br>Uimhir choiteann cláir cabhlaigh (CFR) de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún [1]<br>— soitheach amháin in aghaidh na hoibríochta: Uimhir CFR<br>— breis agus soitheach amháin in aghaidh na hoibríochta: Uimhreacha CFR mar luachanna carachtardheighilte (CSV). Is leathstad ";" a úsáidfear mar dheighilteoir.<br>Ná húsáidtear spásanna bána ná comharthaí athfhriotail. | |
| 05 | An earnáil lena rannchuidíonn an oibríocht | téacs | 2 | | Féach an cód in Iarscríbhinn II, Tábla 1.<br>Ní féidir a roghnú ach aon rogha amháin. | |
| 06 | Cuspóir sonrach | téacs | 5 | | Maidir le bainistíocht roinnte: féach an ainmníocht in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán CEMID.<br>Maidir le bainistiú díreach agus indíreach: féach an ainmníocht sa chlár oibre a glacadh de bhun Airteagal 10 de Rialachán CEMID. | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 07 | Cód NUTS (aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh) | téacs | 5 | | Ná húsáidtear ach leaganacha NUTS atá bailí le linn na tréimhse clársceidealaithe, i.e. Aicmiú NUTS 2021 nó aicmiú NUTS is déanaí ná sin. Féach Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 nó https://ec.europa.eu/eurostat/web/nuts/background<br>Ná húsáidtear spásanna. NUTS 3 de réir réamhshocrú, NUTS 2 go dtí an leibhéal náisiúnta de réir mar is iomchuí má bhaineann an oibríocht le mór-réigiún nó le hiomlán an Bhallstáit. “TCX1” le haghaidh oibríochtaí i dtríú tíortha. | |
| 08 | Ainm an tairbhí | téacs | 255 | | | |
| 09 | Cód tairbhí | téacs | 250 | | Cód uathúil.<br>Maidir le bainistíocht roinnte: arna bhunú ar an gcóras iarratas náisiúnta. | |
| 10 | An cineál tairbhí | téacs | 2 | | Féach an cód in Iarscríbhinn II, Tábla 2.<br>Ní féidir a roghnú ach aon rogha amháin. | |
| 11 | Inscne an tairbhí nó an duine nádúrtha | téacs | 2 | | Féach an cód in Iarscríbhinn II, Tábla 3.<br>Ní féidir a roghnú ach aon rogha amháin. | |
| 12 | An líon daoine atá páirteach go díreach san oibríocht | uimhir | | slá-nuimhir fhada | Eisiatar conraitheoirí agus daoine nó fostaithe nach bhfuil ag glacadh páirt dhíreach san oibríocht. | |
| 13 | An líon comhpháirtithe atá páirteach san oibríocht | uimhir | | slá-nuimhir fhada | | |
| 14 | Comhpháirtí cinn | téacs | 2 | | Féach an cód in Iarscríbhinn II, Tábla 4. | |
| 15 | Tásc maidir le cé acu a bhaineann an oibríocht le hiascaireacht farraige, le hiascaireacht intíre, nó leis an dá chineál iascaireachta | téacs | 2 | | Féach an cód in Iarscríbhinn II, Tábla 5. | |
| 16 | Staid dul chun cinn na hoibríochta | téacs | 2 | | Féach an cód in Iarscríbhinn II, Tabla 6. | Tábla 1, réimse 13. Tábla 4, réimse 6. Tábla 5, réimsí 11, 12.<br>Tábla 9, réimsí 11, 12, 13, 14. |
| 17 | Suim iomlán an chostais incháilithe (EUR) | uimhir | | dúbailte | Ná húsáidtear comhartha airgeadra | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 18 | Suim iomlán an chostais poiblí incháilithe (EUR) | uimhir | | dúbailte | Ná húsáidtear comhartha airgeadra | Tábla 1, réimse 8.<br>Tábla 4, réimse 4. |
| 19 | Tacaíocht CEMID (EUR) | uimhir | | dúbailte | Ná húsáidtear comhartha airgeadra | Tábla 1, réimse 9. |
| 20 | Dáta formheasa iarratais ar thacaíocht | dáta | | ll/mm/bbbb | | |
| 21 | Suim iomlán an chaiteachais incháilithe (EUR) | uimhir | | dúbailte | Ná húsáidtear comhartha airgeadra | |
| 22 | Suim iomlán an chaiteachais phoiblí incháilithe (EUR) | uimhir | | dúbailte | Ná húsáidtear comhartha airgeadra | Tábla 1, réimse 11.<br>Tábla 4, réimse 5. |
| 23 | Caiteachas incháilithe CEMID (EUR) | uimhir | | dúbailte | Ná húsáidtear comhartha airgeadra | |
| 24 | Dáta na híocaíochta deiridh leis an tairbhí | dáta | | ll/mm/bbbb | | |
| 25 | Cineál idirghabhála | téacs | 2 | | Maidir le bainistíocht roinnte: Féach na cóid in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán CEMID.<br>Maidir le bainistiú díreach agus indíreach: féach na cóid in Iarscríbhinn II, Tábla 9. | Tábla 4, réimse 3. |
| 26 | Cineál oibríochta | téacs | 2 | | Féach an cód in Iarscríbhinn II, Tábla 7. | |
| 27 | Méadú ar olltonnáiste soithigh iascaireachta faoi Airteagal [19(3)] de Rialachán CEMID | uimhir | | dúbailte | An méid olltonnáiste breise<br>Fágtar folamh i gcás nach bhfuil baint ag an oibríocht le hAirteagal [19(3)]. | |
| 28 | Tuairisc ar an roinn chabhlaigh atá ábhartha maidir le réimse 27 | téacs | 255 | | Más ábhartha, tuairisc ar na ranna cabhlaigh ar dá dtionscnamh an t-olltonnáiste arna leithdháileadh ar an soitheach a thairbhíonn den oibríocht mar a thíolactar sa tuarascáil bhliantúil dá bhforáiltear faoi Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i gcomhréir le treoirlínte COM(2014) 545 ón gCoimisiún. | |
| 29 | Oibríocht atá ábhartha maidir le hiascaireacht chósta ar mhionscála | téacs | 2 | | Ní cheadaítear ach 01 nó 02.<br>Féach an cód in Iarscríbhinn II, Tábla 4. | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 | Oibríocht atá ábhartha maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír | téacs | 2 | | Ní cheadaítear ach 01 nó 02.<br>Féach an cód in Iarscríbhinn II, Tábla 4. | |
| 31 | Oibríocht atá ábhartha maidir leis an athrú aeráide | téacs | 2 | | Ní cheadaítear ach 01 nó 02.<br>Féach an cód in Iarscríbhinn II, Tábla 4. | |
| 32 | Oibríocht atá ábhartha maidir leis an neamh-idirdhealú | téacs | 2 | | Ní cheadaítear ach 01 nó 02.<br>Féach an cód in Iarscríbhinn II, Tábla 4. | |
| 33 | Oibríocht atá ábhartha maidir leis an gcomhionannas inscne | téacs | 2 | | Ní cheadaítear ach 01 nó 02.<br>Féach an cód in Iarscríbhinn II, Tábla 4. | |
| 34 | Oibríocht atá ábhartha maidir le cearta daoine faoi mhíchumas | téacs | 2 | | Ní cheadaítear ach 01 nó 02.<br>Féach an cód in Iarscríbhinn II, Tábla 4. | |
| 35 | Cineál tacaíochta | téacs | 2 | | Féach an cód in Iarscríbhinn II, Tábla 8.<br>Ní féidir a roghnú ach aon rogha amháin. | |
| 36 | An bhfuair an tairbhí tacaíocht CEMI/CEMID roimhe seo? | téacs | 2 | | Ní cheadaítear ach 01 nó 02.<br>Féach an cód in Iarscríbhinn II, Tábla 4. | |

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2017 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (IO L 34, 9.2.2017, lch. 9).

*Tábla 2*

**Táscairí is infheidhme maidir leis an oibríocht**

| Réim-se | Ábhar an réimse | Cineál | Fad | Formáid | Barúil | Nasc le hIarscríbhinn VII de Rialachán na bhForálacha Coiteanna: |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | CCI | téacs | 15 | | Nasc le Tábla I (príomh-shaintréith) | |
| 2 | Aitheantóir Uathúil na hOibríochta | téacs | 255 | | Nasc le Tábla I (príomh-shaintréith) | Tábla 1, réimse 13. Tábla 4, réimse 6.<br>Tábla 5, réimsí 11, 12. |
| 37 | Cóid na dtáscairí toraidh coiteanna is infheidhme maidir leis an oibríocht (úsáidtear an oiread rónna agus is ábhartha) | téacs | 6 | | Féach na cóid in Iarscríbhinn II, Tábla 10 | Tábla 9, réimse 5. |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 38 | Luach bonnlíne | uimhir | | dúbailte | | Tábla 9, réimsí 11, 13. |
| 39 | Toradh táscach de réir ionchas an tairbhí (aon ró amháin in aghaidh an táscaire) | uimhir | | dúbailte | | Tábla 9, réimse 12. |
| 40 | Toradh *ex post* (aon ró amháin in aghaidh an táscaire) | uimhir | | dúbailte | An luach a fhaightear ar chríochnú don tionscadal. | Tábla 9, réimse 14. |

*IARSCRÍBHINN II*

**SONRAÍ CUR CHUN FEIDHME A CHUR I LÁTHAIR**

*Tábla 1*

**Earnáil lena dtacaíonn an oibríocht (Iarscríbhinn I, Tábla 1, réimse 5)**

| Cód | Tuairisc |
|---|---|
| 01 | Iascaigh |
| 02 | An dobharshaothrú |
| 03 | Próiseáil |
| 04 | An turasóireacht |
| 05 | An comhshaol |
| 06 | Muirí (seachas iascaireacht agus dobharshaothrú) |
| 07 | Earnáil chomhtháite nó ilearnáil |
| 08 | Eile |

*Tábla 2*

**An cineál tairbhí** (1) **(Iarscríbhinn I, Tábla 1, réimse 10)**

| Cód | Tuairisc |
|---|---|
| 01 | Eagraíocht táirgeoirí |
| 02 | Comhlachas na n-eagraíochtaí táirgeoirí |
| 03 | Eagraíocht idirchraoibhe |
| 04 | Fiontar príobháideach – micrifhiontar |
| 05 | Fiontar príobháideach – FBM (fiontar beag nó meánmhéide) |
| 06 | Fiontar príobháideach – mór |
| 07 | Comhlacht poiblí |
| 08 | Ionad taighde / ollscoil / eolaithe |
| 09 | Eagraíocht neamhrialtasach / comhlachas |
| 10 | Institiúid oideachais |
| 11 | Grúpa gníomhaíochta áitiúil |
| 12 | Eintiteas gan pearsantacht dhlítheanach |
| 13 | Eagraíocht idirnáisiúnta |
| 14 | Comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Choimisiúin |
| 15 | Daoine nádúrtha |
| 16 | Eile |

(1) An comhpháirtí cinn, má tá níos mó ná aon tairbhí amháin ag an oibríocht.

*Tábla 3*

**Inscne an tairbhí nó an duine nádúrtha (Iarscríbhinn I, Tábla 1, réimse 11)**

| Cód | Tuairisc |
|---|---|
| 01 | Duine nádúrtha – fireann |
| 02 | Duine nádúrtha – baineann |
| 03 | Duine nádúrtha – inscne neamhshainithe |
| 04 | Breis agus aon duine nádúrtha amháin, teaghlach |
| 05 | Breis agus aon duine nádúrtha amháin, ar fireann a bhformhór |
| 06 | Breis agus aon duine nádúrtha amháin, ar baineann a bhformhór |
| 07 | Ní bhaineann le hábhar. (i gcás daoine dlítheanacha) |

*Tábla 4*

**Cóid le haghaidh réimsí "Tá/Níl" (Iarscríbhinn I, Tábla 1, réimsí 29-34 agus 36)**

| Cód | Tuairisc |
|---|---|
| 01 | Is ea / Tá |
| 02 | Ní hea / Níl |

*Tábla 5*

**Tásc maidir le cé acu a bhaineann an oibríocht le hiascaireacht farraige, le hiascaireacht intíre nó leis an dá chineál iascaireachta (Iarscríbhinn I, Tábla 1, réimse 15)**

| Cód | Tuairisc |
|---|---|
| 01 | Iascaireacht farraige |
| 02 | Iascaireacht intíre |
| 03 | An dá chineál |
| 04 | Ní bhaineann le hábhar |

*Tábla 6*

**Staid dul chun cinn na hoibríochta (Iarscríbhinn I, Tábla 1, réimse 16)**

| Cód | Tuairisc |
|---|---|
| 00 | An oibríocht roghnaithe |
| 01 | An oibríocht curtha chun feidhme go páirteach ach, tá sí ar fionraí/tá scortha go hiomlán di |
| 02 | An oibríocht á cur chun feidhme |
| 03 | An oibríocht curtha chun feidhme go hiomlán (ach ní hionann sin agus gur cinnte gur íocadh costais uile na hoibríochta leis an tairbhí) |
| 04 | An oibríocht tugtha chun críche |

*Tábla 7*

**An cineál oibríochta (Iarscríbhinn I, Tábla 1, réimse 26)**

| Cód | Tuairisc |
|---|---|
| 01 | Infheistíocht i laghdú ar úsáid fuinnimh agus san éifeachtúlacht fuinnimh |
| 02 | Infheistíocht i gcórais fuinnimh inathnuaite |
| 03 | Infheistíocht i dtrealamh táirgthe ar bord |
| 04 | Infheistíocht i gcórais ar bord chun loingseoireacht nó rialú inneall a fheabhsú |
| 05 | Infheistíocht i mbonneagar fisiciúil i gcalafoirt iascaireachta atá ann cheana nó in áiteanna nua ina dtugtar gabhálacha i dtír nó in áiteanna atá ann cheana |
| 06 | An chéad soitheach iascaireachta a fháil |
| 07 | Infheistíocht chun inrianaitheacht a fheabhsú |
| 08 | Pleananna táirgthe agus margaíochta eagraíochtaí táirgeoirí a ullmhú agus a chur chun feidhme |
| 09 | Gníomhaíochtaí margaíochta |
| 10 | Seirbhísí comhairleoireachta |
| 11 | Infheistíochtaí chun tacú le forbairt ghnó (forbairt straitéiseach, riarachán, trealamh) |
| 12 | Oibríochtaí eile a bhaineann le héagsúlú gnó ach nach mbaineann le hiascaigh, leis an dobharshaothrú, ná leis an nuálaíocht |
| 13 | Scéimeanna árachais |
| 14 | Oiliúint chun scileanna a fheabhsú agus caipiteal daonna a fhorbairt |
| 15 | Teagmhais |
| 16 | Méadú feasachta, cumarsáid leis an bpobal i gcoitinne |
| 17 | Forbairt acmhainne |
| 18 | Forbairt na nuálaíochta margaíochta |
| 19 | Forbairt na nuálaíochta próisis |
| 20 | Forbairt na nuálaíochta táirgthe |
| 21 | Staidéir agus taighde |
| 22 | Comhroinnt eolais |
| 23 | Comhar |
| 24 | Leanúnachas éiceolaíoch aibhneacha a athbhunú |
| 25 | Athstocáil speiceas uiscí |
| 26 | Bruscar muirí a aisghabháil agus/nó a dhiúscairt |
| 27 | Seirbhísí comhshaoil |
| 28 | Infheistíochtaí sonracha i bhfeabhsú gnáthóg uiscí agus na bithéagsúlachta |
| 29 | Scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta |
| 30 | Scor sealadach de ghníomhaíochtaí iascaireachta |
| 31 | Cúiteamh |
| 32 | Infheistíochtaí táirgiúla i gcomhair an dobharshaothraithe inbhuanaithe |

| | |
|---|---|
| 33 | Roghnaíocht trealaimh ionas gur lú gabhálacha nach dteastaíonn a dhéanfar |
| 34 | Modhnú trealaimh chun na tionchair ar na gnáthóga a laghdú an oiread is féidir |
| 35 | Roghnaíocht trealaimh i ndáil le speicis atá i mbaol, le speicis atá faoi bhagairt agus le speicis atá faoi chosaint |
| 36 | Úsáid na ngabhálacha a dhéantar de thaisme |
| 37 | Bainistíocht agus faireachán limistéar Natura 2000 (oibríochtaí boga) |
| 38 | Infheistíochtaí in athbhunú limistéar Natura 2000 |
| 39 | Bainistíocht agus faireachán limistéar muirí faoi chosaint (oibríochtaí boga) |
| 40 | Infheistíochtaí in athbhunú limistéar muirí faoi chosaint |
| 41 | Truailliú/éilliú a laghdú agus a chosc |
| 42 | Úsáid an uisce agus cáilíocht an uisce a fheabhsú |
| 43 | Infheistíochtaí le haghaidh rialú agus forfheidhmiú i gcomhair údaráis phoiblí |
| 44 | Infheistíochtaí le haghaidh rialú agus forfheidhmiú i gcomhair gnóthaíocht phríobháideach |
| 45 | Comhordú ar bhreathnóireacht |
| 46 | Sonraí a bhailiú |
| 47 | Infheistíocht sa teicneolaíocht faisnéise – crua-earraí |
| 48 | Infheistíocht sa teicneolaíocht faisnéise – bogearraí |
| 49 | Forbairt agus cothabháil teicneolaíochta faisnéise |
| 50 | Cóimeáil agus scaipeadh sonraí |
| 51 | Cigireachtaí |
| 52 | Infheistíocht i leas ainmhithe |
| 53 | An cháilíocht bhia agus an tsábháilteacht sláinteachais |
| 54 | Infheistíochtaí i dtrealamh sábháilteachta |
| 55 | Infheistíochtaí i ndálaí oibre |
| 56 | Tionscadail phíolótacha |
| 57 | Forbairt shoch-chultúrtha |
| 58 | Rialachas |
| 59 | Beochan agus forbairt acmhainne |
| 60 | Gníomhaíochtaí ullmhúcháin |
| 61 | Bainistíocht |
| 62 | Cúnamh faoi Bhainistiú Díreach |
| 63 | Meastóireacht |
| 64 | Eile (sóisialta) |
| 65 | Eile (gnóthaí comhshaoil) |
| 66 | Eile (eacnamaíoch) |

*Tábla 8*

**An cineál tacaíochta (Iarscríbhinn I, Tábla 1, réimse 35)**

| Cód | Tuairisc |
|---|---|
| 01 | Deontais |
| 02 | Ionstraimí airgeadais |
| 03 | Cumasc de dheontais agus d'ionstraimí airgeadais |
| 04 | Duaiseanna |
| 05 | Conraitheoireacht (Bainistiú díreach) |

*Tábla 9*

**Na cineálacha idirghabhálacha maidir le tacaíocht faoi bhainistiú díreach agus indíreach (Iarscríbhinn I. Tábla 1, réimse 25)**

| Cód | Tuairisc |
|---|---|
| 17 | Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan |
| 18 | Beartas muirí |
| 19 | Comhairle eolaíochta |
| 20 | Rialú agus forfheidhmiú |
| 21 | Ranníocaíochtaí deonacha le heagraíochtaí idirnáisiúnta |
| 22 | Bearta caomhnaithe |
| 23 | Comhairlí comhairleacha |
| 24 | Cumarsáid |
| 25 | Faisnéis maidir leis an margadh |

*Tábla 10*

**Táscairí toraidh coiteanna (Iarscríbhinn I. Tábla 2, réimse 37)**

| Cód | Tuairisc | Aonad tomhais |
|---|---|---|
| CR01 | Acmhainneacht nua táirgeachta | tonaí/bliain |
| CR02 | Táirgeacht dobharshaothraithe arna coimeád | tonaí/bliain |
| CR03 | Gnólachtaí arna gcruthú | an líon eintiteas |
| CR04 | Gnólachtaí ag a bhfuil láimhdeachas ard | an líon eintiteas |
| CR05.1 | Acmhainneacht na soithí arna dtarraingt siar | Olltonnáiste |
| CR05.2 | Acmhainneacht na soithí arna dtarraingt siar | kW |
| CR06 | Poist arna gcruthú | an líon daoine |
| CR07 | Poist arna gcoimeád | an líon daoine |
| CR08 | Daoine a thairbhíonn | an líon daoine |
| CR09.1 | Limistéar ar a dtugtar aghaidh le hoibríochtaí a rannchuidíonn le dea-stádas comhshaoil agus lena ndéantar an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint, a chaomhnú agus a athchóiriú | $km^2$ |

| | | |
|---|---|---|
| CR09.2 | Limistéar ar a dtugtar aghaidh le hoibríochtaí a rannchuidíonn le dea-stádas comhshaoil agus lena ndéantar an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint, a chaomhnú agus a athchóiriú | $km^2$ |
| CR10 | Gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le dea-stádas comhshaoil, lena n-áirítear athchóiriú agus caomhnú an dúlra, cosaint na n-éiceachóras, an bhithéagsúlacht, sláinte agus leas ainmhithe | an líon gníomhaíochtaí |
| CR11 | Eintitis lena méadaítear an inbhuanaitheacht shóisialta | an líon eintiteas |
| CR12 | Éifeachtacht an chórais maidir le "sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a úsáid" | scála: ard, meánach, íseal |
| CR13 | Gníomhaíochtaí comhair idir geallsealbhóirí | an líon gníomhaíochtaí |
| CR14 | Nuálaíochtaí arna gcumasú | an líon táirgí nua, seirbhísí nua, próiseas nua, samhlacha gnó nua nó modhanna nua |
| CR15 | Modhanna rialaithe arna suiteáil nó arna bhfeabhsú | an líon modhanna |
| CR16 | Eintitis a thairbhíonn de ghníomhaíochtaí poiblíochta agus faisnéise | an líon eintiteas |
| CR17 | Eintitis a fheabhsaíonn éifeachtúlacht acmhainní i dtáirgeadh agus/nó i bpróiseáil | an líon eintiteas |
| CR18.1 | Tomhaltas fuinnimh a bhfuil laghdú astaíochtaí $CO_2$ mar thoradh air | kWh/tona |
| CR18.2 | Tomhaltas fuinnimh a bhfuil laghdú astaíochtaí $CO_2$ mar thoradh air | lítir/h |
| CR19 | Gníomhaíochtaí chun acmhainneacht rialachais a fheabhsú | an líon gníomhaíochtaí |
| CR20 | Infheistíocht arna spreagadh | EUR |
| CR21 | Tacair sonraí agus comhairle arna gcur ar fáil | uimhir |
| CR22 | Úsáid ardán sonraí agus faisnéise | an líon amharc ar leathanaigh |